Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh
C/2024/5530
23.9.2024
GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5530)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 6378	16 Meán Fómhair 2024	trí-ocsaíd chróimiam (CE Uimh. 215-607-8; Uimh. CAS 1333-82-0)	Gessi S.p.A., Parco Gessi, Serravalle Sesia, 13037, Vercelli, an Iodáil San Marco Rubinetteria S.r.l, Via Carducci, 10, 13867 Pray, an Iodáil	REACH/24/44/0 REACH/24/44/1	Leictreaphlátáil ar fhoshraitheanna miotail chun dromchla a chruthú ag a bhfuil ardmharthanacht agus a bhfuil cuma gheal air le haghaidh earraí sláintíochta cistine agus seomra folctha (plátáil fheidhmiúil lena mbaineann gné mhaisiúcháin)	An 10 Meitheamh 2028	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5530/oj